# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

23 Aibreán 2020

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht


Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

CINNTÍ


★ **Cinneadh (AE) 2020/556 ón gComhairle an 21 Aibreán 2020 lena gcuirtear síneadh leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430 i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh an phaindéim COVID-19 san Aontas** .................... 1


GA

* Faoin tagairt L 128 I a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2020/556 ÓN GCOMHAIRLE

**an 21 Aibreán 2020**

**lena gcuirtear síneadh leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430 i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh an phaindéim COVID-19 san Aontas**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 240(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2020/430 [1] ón gComhairle tugadh isteach maolú míosa amháin ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle [2] a mhéid a bhaineann le cinntí an gnáthnós imeachta i scríbhinn a úsáid, i gcás ina ndéanfaidh Coiste Bhuanionadaithe Rialtais na mBallstát (Coreper) na cinntí sin. Rachaidh an maolú sin in éag an 23 Aibreán 2020.

(2) Le Cinneadh (AE) 2020/430 foráiltear, más rud é go dtugann na himthosca eisceachtúla bonn cirt dó, go bhféadfaidh an Chomhairle an Cinneadh sin a athnuachan.

(3) Ós rud é gur ann fós do na himthosca eisceachtúla a chruthaigh an phaindéim COVID-19, agus roinnt bearta urghnácha coisctheacha agus srianta arna ndéanamh ag na Ballstáit fós i bhfeidhm, is gá síneadh a chur leis an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/430 go ceann tréimhse míosa amháin eile,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déantar leis seo síneadh a chur leis an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/430 go ceann tréimhse aon mhí amháin ón 23 Aibreán 2020.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a nglacfar é.

Foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Aibreán 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
G. GRLIĆ RADMAN

---

[1] Cinneadh (AE) 2020/430 ón gComhairle an 23 Márta 2020 maidir le maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh an phaindéim COVID-19 san Aontas (IO L 88 I, 24.3.2020, lch. 1).

[2] Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35).

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

**Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh**
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA